Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11834/23**
**ADD 1**

**AGRILEG 140**
**VETER 77**
**DELACT 98**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 4572 final IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair le haghaidh galair liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 4572 final IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: C(2023) 4572 final IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.7.2023
C(2023) 4572 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair le haghaidh galair liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn**

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 mar a leanas:

1. in Iarscríbhinn II, leasaítear Cuid I mar a leanas:

   (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

**'CUID I**

**FAIREACHAS AR FHLIÚ ÉANÚIL IN AINMHITHE'**;

(b) i Roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

'**1. RAON FEIDHME CRÍOCHACH**

Ní mór faireachas a chur chun feidhme i ngach Ballstát';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal Roinn 2:

**'Roinn 2**
**Cuspóirí an Fhaireachais'**;

(d) cuirtear an Roinn 10 seo a leanas leis i ndiaidh Roinn 9:

**'Roinn 10**
**Faireachas i speicis nach liostaítear maidir le HPAI**

Maidir le faireachas HPAI, ní mór gníomhaíochtaí faireachais i ndáil le hainmhithe fiáine nó ar coimeád de speicis nach liostaítear a bheith san áireamh nuair a thugtar le fios leis an staid eipidéimeolaíoch go bhféadfadh na speicis sin a bheith ina riosca do shláinte ainmhithe agus do shláinte an duine.';

2. in Iarscríbhinn V, i gCuid IV, i Roinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. De mhaolú ar mhír 1, maidir leis an stádas saor ó ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú arna dheonú do Bhallstát nó do chrios, féadfar é a choinneáil i gcás ina ndeimhnítear ráigeanna d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle más rud é:

(a) nár thug an t-údarás inniúil fógra ach faoi líon teoranta de ráigeanna bunaidh i rith bliain féilire;

(b) gur tháinig an t-údarás inniúil ar an gconclúid nár tharla ach líon teoranta de ráigeanna tánaisteacha a raibh naisc eipidéimeolaíocha acu le gach ráig bunaidh; agus

(c) gur cuireadh na bearta rialaithe galar i bhfeidhm ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí i gcás gach ráig bhunaidh agus na ráigeanna tánaisteacha gaolmhara.'.